**IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908**

**ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929**
**ACHT NA nOLLSCOILEANNA, 1997**

**OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH**

# REACHT CCCLIII

# Irish Universities Act, 1908

# Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929
# Universities Act, 1997

# National University of Ireland, Galway

## STATUTE CCCLIII

WE, Údarás na hOllscoile of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Statute contained in the Schedule hereto for the general government of the said University.

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this twenty-eighth Day of February, Two Thousand and Seventeen.

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

**L.S.**

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

## Schedule - STATUTE CCCLIII

All previous Statutes of National University of Ireland, Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth.

## Irish Universities Act, 1908

## Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929
## Acht na nOllscoileanna, 1997

## Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

### REACHT CCCLIII

Faoi agus de bhua na gcumhacht sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Reacht atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.

Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an t-ochtú lá seo is fiche do mhí Feabhra, Dhá Mhíle agus a Seacht Déag .

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

**L.S.**

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

### Sceideal - REACHT CCCLIII

Déanfar Reachtanna uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.

## CHAPTER I

1. Pursuant to the University College Galway Acts 1929 and 2006, Údarás na hOllscoile shall ensure that one of the principal aims for the operation and development of the University set out in each strategic development plan prepared in accordance with Section 34 of the Universities Act 1997 is the provision of education at the University through the medium of the Irish language.

2. Údarás na hOllscoile and the President shall each perform their respective functions and exercise their respective powers in respect of the University to ensure that the aim referred to in Section 1 of this Chapter is implemented.

## CHAPTER II

## APPOINTMENTS IN THE UNIVERSITY

1. Statute CCXCVI is hereby amended as follows:

   (a) by the deletion of the words:

   “To the office of the President and” in Paragraph 2, Section 8 of Chapter II.

## CHAPTER III

1. Nothing herein contained shall affect any appointment made, right acquired or act done under any previous Statute of the University.

2. This Statute shall come into operation on the twenty-eighth day of February, Two Thousand and Seventeen, and may be cited as Statute CCCLIII, National University of Ireland, Galway, or Stat. CCCLIII, Nat. Univ. of I., Galway.

Present when the Common
Seal of National University of
Ireland, Galway, was affixed hereto:

(L.S.)

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

## CAIBIDIL I

1. De bhun Achtanna Choláiste na hOllscoile, Gaillimh 1929 agus 2006, cinnteóidh Údarás na hOllscoile go mbeidh ar cheann de na príomhaidhmeanna i leith oibriú agus fhorbairt na hOllscoile a leagfar amach i ngach plean forbartha straitéiseach a ullmhófar de réir Alt 34 d'Acht na nOllscoileanna 1997 oideachas trí mheán na Gaeilge a sholáthar san Ollscoil.

2. Comhlíonfaidh Údarás na hOllscoile agus an tUachtarán araon a ndualgais ar leith agus feidhmeoidh siad a gcumhachtaí ar leith i dtaobh na hOllscoile le cinntiú go gcuirfear i bhfeidhm an aidhm a dtagraítear di in Alt 1 den Chaibidil seo.

## CAIBIDIL II

## CEAPACHÁIN SAN OLLSCOIL

1. Déantar Reacht CCXCVI a leasú leis seo mar leanas:

   (a) tríd na focail seo a leanas a dhíbirt:

   "in Oifig an Uachtaráin agus" in Alt 2, Mír 8 de Chaibidil II.

## CAIBIDIL III

1. Ní dhéanfaidh aon ní anseo difear d'aon cheapachán a rinneadh, d'aon cheart a fuarthas ná d'aon ghníomh a rinneadh faoi aon Reacht den Ollscoil roimhe seo.

2. Tiocfaidh an Reacht seo i ngníomh an t-ochtú lá is fiche do mhí Feabhra, Dhá Mhíle agus a Seacht Déag, agus féadfar Reacht CCCLIII, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó R. CCCLIII, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-
Shéala Ollscoil na hÉireann,
Gaillimh, dó seo:

**L.S.**

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*